# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Laidin

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**1.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B sa cheist seo - **[75]**

*Cuirfear scéim mharcála dhearfach i bhfeidhm. Bronnfar marcanna ar iarrthóirí i ndáil le gach focal a aistreofar go cruinn. Leithroinnfear na marcanna as raon ó leathmharc (1/2) go dhá mharc (2).*

**A.** Cuir Laidin air seo:-

1 3 ½ 1 ½ 1 1 2 ½
D'inis a gcuid scabhtaí do na Rómhánaigh cá raibh muintir na cathrach i bhfolach agus cár
½ 2 1 ½ 1 ½ 2 1 ½ 2
sheol siad na mná agus na páistí. Dá bhrí sin d'athraigh siad a mbealach agus rinne deifir
½ 1 1 1 2 2 2 ½ ½ 1 ½
isteach i gceantar Capua, agus Títeas i gceannas orthu. Bheartaigh sé dul go dtí an cósta ar dtús mar
2 1 2 1 1 2 ½ 1 ½ ½ 2
bhí súil aige go bhfaigheadh sé amach nár fhág an t-arm a gcampa go fóill. Mháirseáil sé chomh tapa sin
½ 2 ½ 1 ½ 1 2 1 2 ½ 2 1 1 ½
gur shroich sé an fharraige sula raibh a fhios ag an namhaid go raibh sé ag teacht. Tar éis dhá chohórt a fhágáil ar an
1 ½ 2 2 1 ½ 1 ½ 2
gcnoc ionas go bhféadfaidís an namhaid a ionsaí an lá dar gcionn, d'imigh sé féin
½ ½ 1
láithreach go dtí an chathair.

**NÓ**

**B.**

**(i)** An Ghréig(4) a chur faoina chumhacht(3) arís=**(7)**

**(ii)** D'ullmhaigh sé cablach(2) de 500 long(2) d'iompair sé a fhórsaí(2) go dtí an Eoraip(1)=**(7)**

**(iii)** Sheol sé iad siúd(3) a ghabháil siad(2) go dtí an Áise(2)=**(7)**

**(iv)** Go dtí an Ataic(4) isteach go machaire(2) Mharatón(1)=**(7)**

**(v)** Thart ar(2) 10 míle(2) ón Aithin(3)= **(7)**

**(vi)** Chuir siad(2) Phidippus(2) teachtaire(2) go Sparta(2)= **(8)**

**(vii)** Dúirt sé go raibh cuidiú(3) de dhíth orthu(3) chomh gasta agus ab fhéidir(2)=**(8)**

**(viii)** Chuir siad 10 bpraetóirí(2) i gceannas ar an arm(3) Bhí Militiades ina measc (3)=**(8)**

**(ix)** A bhfórsaí a thabhairt amach(3) as an gcathair(1); bualadh leis an namhaid(2) ar mhachaire Mharatón(2)=**(8)**

**(x)** Toisc nár tharla sé riamh gur threascair(3) banna fear chomh beag sin(3) a leithéid de mhórchumhacht mhíleata(2)=**(8)**

**C2. A (130) Cuir Gaeilge ar dhá shliocht ar bith:**

(i) huc…..videmus 13/ caprigenumque…..herbas 6/ inruimus…..Iovem 10/ tum…..opimis 10/ at…..alas 13/ diripiuntque…..immundo 7/ tum…..odorem 6

(ii) Teucer…..fugeret 7/ tamen…..corona 10/ sic…..amicos 5/ quo…..parente 7/ ibimus…..comitesque 5/ nil…..Teucro 7/ certus…..futuram 12/ O…..curas 12.

**B.**

(i) Milo…..venit 8/ calceos…..moratus est 8/ Dein…..potuisset 10/ Fit…..paraverat 5/ ante…..post 5/ Illi…….adorirentur 10/ partim…..erant 9/ ex quibus…..prohiberentur 10.

(ii) Duae…..longior 8/ altera…..natus est 6/ saltus…..iuncti 8/ Inter…..iter est 12/ sed…..campum 6/ intrandae…..aut 6/ si….necesse est 6/ In eum…..demiserunt 5/ sed….perrexerunt 4/ arborum…..invenerunt 4.

**C3 A. (i) (60) Aistrigh**

Iam…..Hannibal 2/ unde…..contemndit 14/ Zama…..abest 3/ Inde…..essent 7/ traditos…..iussit 8/ percontatusque…..dimisit 8/ Hannibal…..nuntiabantur 3/ nam…..adferebant 7 /laeto…..percussus 8/.

**(ii) (30) Freagair trí cheist ar bith**

(a) 5+5-dhá ghníomh:
(b) 5+5-dhá ghníomh i ngeall air
(c) 5+5-dhá fháth
(d) 5+5-dhá ghníomh a rinne sé
(e) 5+5-dhá phointe ar bith

**Nótaí Táscacha**—*D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo*

(a) Bhailigh Syphax arm; thosaigh an cath leis an marcshlua; ansin chuir sé líonta móra coisithe chun tosaigh; i ndiaidh gur éirigh le Syphax ar dtús, chothromaigh an slua beag coisithe Rómhánach an líne; gabhadh Syphax agus ruaigeadh a arm.
(b) Bhí anacair ar Scipio; mhothaigh sé go raibh barraíocht deifre ar Massinissa í a phósadh an chéad lá a bhfaca sé í; suaitheadh é mar nach raibh mothúcháin mar sin aige féin do chailín riamh.
(c) Rinne Mago amhlaidh i ngeall ar orduithe an tseanaid agus ar na dainséir a bhí ag bagairt ar a thír; bhí an baol ann fosta go n-ionsódh na Rómhánaigh iad dá moilleodh sé; thréigfeadh na Liogúraigh fosta agus rachadh siad leis na Rómhánaigh.
(d) Lig sé asam agus bhain sé díoscán as a fhiacla; is beag nach dtiocfadh leis cúl a choinneáil ar na deora; mhothaigh sé go ndearna a dhaoine féin feall air; mothaigh sé gur loic an seanad air agus nach gcuirfeadh sé baill athneartacha.
(e) Dhá phointe ar bith maidir le Scipio ón téacs socraithe.

**3B. (i) (60) Aistrigh**

qualis…..pastus 4/ frigida…..tegebat 4/ nunc…..iuventa 4/ lubrica…..trisulcis 8/ una…..Automedon 6/ una…..iactant 6/ ipse…..perrumpit 6/ postesque…..aeratos 3/ iamque…..fenestram 7/ apparet…..patescunt 4/ apparent…..primo 8/.

**(ii) (30) Freagair trí cheist ar bith**

(a) Pyrrhus 3. Tuairim 4+3
(b) Pionós 4+3. Cén fáth 3
(c) Gabháil 3. Torthaí 4+3
(d) Cur síos 4+3. Teachtaireacht 3
(e) 5+5-dhá phointe ar bith.

**Nótaí Táscacha**—*D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo*

(a) Pyrrhus. Namhaid dainséarach, marfach a bhí ann; bhí sé ar bior chun gnímh; glic agus slítheánta; an-láidir; nós sotalach.
(b) Bhí tarbh á íobairt ag Laocoon; tháinig péire péisteanna ó Tenedos; bhí a gcloigne in airde agus chuaigh siad trasna na farraige i gcorna ollmhóra; chas na péisteanna timpeall ar choirp a bheirt mhac agus d'ith siad iad; ansin ghabh siad Laocoon, a rinne iarracht an fód a sheasamh ina n-éadan, ach níor éirigh leis. Cén fáth---toisc gur mhol sé dóibh gan an capall a thabhairt isteach sa chathair agus rinne sé damáiste d'adhmad naofa an chapaill lena shleá.
(c) Tarraingíodh Cassandra lena gruaig ag slaodadh as sanctóir theampall Minerva; d'ardaigh sí a cuid súl chun na flaitheas; bhí a cuid lámha ceangailte. Torthaí---Ní raibh Coroebus ábalta amharc ar cad a bhí ag tarlú do Cassandra; chaith sé é féin ceann ar aghaidh isteach sa chath; lean na Traígh é agus d'ionsaigh a bhfir féin iad toisc go raibh siad ag caitheamh clogad lenar aithníodh mar Ghréagacha iad; ghread agus sháraigh na Gréagacha iad; maraítear Coroebus; éalaíonn Aeinéas.
(d) Eachtar. Bhí an chuma air gurbh eisean ba mhó a bhí faoi bhrón; ag caoineadh; stróicthe ag an gcarbad; dubh agus cosa fuilteacha faoi; a chosa ata agus pollta le hiallacha; féasóg ghioblach; gruaig stothallach le fuil. Dúirt sé le hAeinéas teitheadh; tá an Traí i seilbh na nGréagach; d'iarr sé air a Phéanátaigh a thabhairt leis mar chomrádaithe; chun cathair iontach trasna na bhfarraigí a fháil.
(e) Aeinéas---dílis; cróga; dílis do na déithe; ag forchur bua---samplaí ón téacs.

**C4**. (i) 4+3+3. (10)
(ii) (2+1+1) suas go 10 ar a mhéad. (2+2 do audeo/orior) (10)
(iii) Meadaracht 2 mharc. -2 le haghaidh siollaí ar bith atá mícheart (10)

**C5. (75) Freagair trí cheist – ceist amháin ar a laghad ó gach roinn**
**A**.
(i) Rialú (7+6+6); An Ré Órga (6)
(ii) (7+6+6+6). Pointe amháin ar a laghad ar ar éirigh leo a bhaint amach agus ar ar chlis orthu a dhéanamh; ní mór tagairt a dhéanamh do bheirt de shliocht Flavius.
(iii) 7+6 (4+3 agus 3+3) agus 6+6 (3+3 agus 3+3)

**B**.
(i) Saol 4+3+3. Saothar 4+3+3. Cén dearcadh? 5
(ii) 7+6+6 agus tagairt a dhéanamh do dhá shampla ar a laghad le haghaidh 3+3
(iii) (a) Cén 2/3; Dhá radharc 4+4; Tábhacht 2.
(b) Cén 2/3; Cá háit 2; Príomhghnéithe 4+4.
(c) Cén séadchomhartha 2/3; Ócáid tógtha 2; Príomhghnéithe 4+4.

**Nótaí Táscacha**—*D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo*

A.
**(i) Ágastas:** reachtaíocht a thabhairt isteach; clár tógála; leasuithe sóisialta; leasuithe reiligiúnacha; beartas eachtrach; bainistíocht an airm; bealach chun déileáil leis an seanad; an comharbas a láimhseáil; scríbhneoirí agus na healaíona i gcoitinne a spreagadh An Ré Órga—cúis inghlactha ar bith ar an gcoinníoll go dtacaíonn cúis leis e.g. bhunaigh an réimeas síocháin.

**(ii) Ríshliocht Flavius:** chuir sé smacht ar bun arís san arm faoi Veaspáisian; chuir sé smacht ar na cúigí; ghlac sé le Titus mar chomh-leasrí; thaispeáin Titus daonnacht; clár fairsing tógála; beartais eachtracha; síocháin a thabhairt ar ais; an t-airgead a rialú.

**(iii) Nerva:** ainmnitheach an tseanaid; chuir sé an scéim alimenta i bhfeidhm; spreag sé delatores; cumadh roinnt plota ina choinne; d'uchtaigh sé Trajan; caidreamh leis an seanad.
**Seneca:** rugadh é i gCórdoba; fuair sé oiliúint i Reitric sa Róimh; d'fhulaing sé an-drochshláinte; dhíbir Claudius go dtí an Chorsaic é; ghlao Agrippina air arís chun gníomhú mar theagascóir Néaró; chuir sé comhairle ar Néaró in éineacht le Burrus; bhí sé bainteach i gcomhcheilg Pisonian chun Néaró a mharú; thug Néaró air é féin a mharú; d'fhéadfadh sé go raibh sé neamhchiontach.

**Burrus:** ceapadh é mar an t-aon Mhaor ar an nGarda Praetóireach; ghéill sé i dtosach do thoil Agrippina ach chuidigh sé í a chur amach níos déanaí; choinnigh sé an Garda Praetóireach dílis i ndiaidh dhúnmharú Agrippina; chaill sé tionchar ar Néaró de réir a chéile; fuair sé bás i 62 AD; d'fhéadfadh sé gur tugadh nimh dó ar orduithe Néaró.
**Messalina:** rugadh i 20 AD í; gariníon Octáivian, deirfiúr Ágastas; phós sí a col ceathrar Claudius i 39 AD; bhí beirt pháistí acu, Octavia agus Britannicus; bhí cumann adhaltranais aici le cúpla fear os comhair a fir chéile; bhí pósadh bréige aige le Silius; mharaigh sí í féin nuair a chuaigh an duine saortha Narcissus ina héadan.
**Caligula:** fágtha mar chomhoidhre ag Tibir i dteannta le Gemellus; bhí na léigiúin agus an Maor Praetóireach fabhrach dó; réimeas níos luaithe—meas ar an seanad agus ar an arm, d'aischuir sé cumhacht chun giúistísí a thoghadh don comitia; d'athghair sé ar shaoránaigh a díbríodh; oibreacha tógála; gabhadh le taomanna mire é; rinne sé iarracht ionradh a dhéanamh ar an mBreatain; bhain amhras dó agus dhúnmharaigh sé go leor; dhúnmharaigh beirt dá threabhann é.

B.
(i) **Livias**—Saol (59 R.Ch. go 17 AD) rugadh in Padua é; chaith sé an chuid is mó dá shaol in Roe; d'fhill sé ar Padua roimh a bhás; bhí beirt pháistí ar a laghad aige. Scríbhinní---Ab Urbe Condita; i 142 leabhar; léargas rómánsach ar an Róimh; dátaí míchruinn; óráidí chun beocht a chur sa stair; sceitsí ar charachtair; tuairiscí grafacha.
**Veirgil**—Saol Rugadh gar do Mantua é i 70 R.Ch.; cuireadh oideachas air in Cremona, Milano agus sa Róimh; coigistíodh a chuid tailte ach tugadh ar ais iad; fuair sé bás gar do Napoli. Saothair---Eclogues; Georgics; Aeneid—pointí ar bith ar na saothair seo.
Dearcadh ar an Róimh---an Róimh an laoch; glóirithe ag an mbeirt údar.

(ii) **Amharclanna: Praiticiúil agus pléisiúr aeistéitiúil—**dearadh lasmuigh; stuanna etc.; suíocháin; ardán; cúlra; clúdach; iontrálacha; tagairt do dhá amharclann ar bith maidir le ceann ar bith de na pointí a tugadh.

(iii) (a) **Colún Trajan:** dhá radharc ar bith amhail—saighdiúirí ag tógáil daingnithe; saighdiúirí ag troid in éadan na nDáiciach; longa; crinn tabhaill. Tábhacht: comóradh ar bhuanna Dáiciacha Trajan; trácht ar bith ar thábhacht ailtireachta; trácht ar bith ar an tábhacht maidir le síocháin a bhunú sa réigiún.
(b) **Maison Caree:** suite in Nimes i ndeisceart na Fraince; dhá phríomhghné maidir leis sin nó teampall triantánach ar bith—a; colúin; fríos; stíl.
(c) **Ara Pacis:** coimisiúnaithe ag an seanad i 13 R.Ch. chun onóir a léiriú d'fhilleadh Ágastas go dtí an Róimh ón Spáinn agus ón nGaill; tógtha in onóir na síochána a tugadh go dtí impireacht na Róimhe le buanna Ágastas; Gnéithe---stíl na deilbhe; cultacha iad siúd a thaispeántar; radhairc ar cheann ar bith de na painéil; sainaithint duine ar bith de na pearsana – Julia, Ágastas.

Leathanach Bán